C/2026/125

9.1.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/125)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Melocotón de Cieza'

Uimhir thagartha AE: PGI-ES-02644-AM01 — 10.10.2025

1. **Ainm an táirge**

'Melocotón de Cieza'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta, an Tionscail Bia agus na gComharchumann Talmhaíochta

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Ba cheart é a mheas mar leasú caighdeánach toisc nach ndéanann na hathruithe formheasta aon difear don ainm faoi chosaint ná don nasc leis an gcomhshaol, agus ní chuirtear srianta breise ar thrádáil an táirge dá bharr sin.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Cineálacha eile péitseoige buí a chur isteach

Tuairisc

Go dtí seo, glacadh le dhá chineál le haghaidh TGFC 'Melocotón de Cieza': 'Romea' agus 'Baby Gold 6'. Rinne dul chun cinn tapa an athraithe aeráide difear do na cineálacha a nglactar leo faoi láthair. Dá bhrí sin, iarradh trí chineál péitseoige buí a chur isteach le haghaidh TGFC 'Melocotón de Cieza': 'Levante 45', 'Grocivag' agus 'Manolito'.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

I Roinn B (Tuairisc ar an táirge), athraíodh na cineálacha a nglactar leo ó 'Baby Gold 6' agus 'Romea' (sa tsonraíocht táirge roimhe seo) go 'Baby Gold 6', 'Romea', 'Levante 45', 'Grocivag' agus 'Manolito'.

Cuireadh cineálacha breise péitseoige buí isteach sa tuairisc ar an táirge mar gheall ar éifeachtaí an athraithe aeráide ar tháirgeacht agus ar cháilíocht thorthaí na gcineálacha atá san áireamh faoi láthair. Tá táirgeadh na gcineálacha sin ag dul i léig de réir a chéile inár réigiún bliain i ndiaidh bliana. Tá leibhéil mhéadaithe fuachta ag teastáil i gcás na gcineálacha sin. Mar thoradh ar laghdú ar an bhfuacht mar gheall ar an athrú aeráide, bíonn siad thíos le bláthú fada agus neamhrialta, drochfhorbairt torthaí agus torthaí ar mhéid neamhrialta, agus bíonn líon mór torthaí beaga orthu. Bíonn na tosca sin ina gcúis le fadhbanna tromchúiseacha i mbainistiú barr, agus bíonn buaint is lú agus is neamhrialta ann mar thoradh orthu.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Teicníc phrúnála nua a chur isteach

Tuairisc

Sa tsonraíocht táirge roimhe seo, Roinn 4. 'Prúnáil', is é an chuachphrúnáil an teicníc phrúnála i gcás na gcineálacha a chumhdaítear leis an TGFC. Iarradh treilísiú a chur san áireamh mar theicníc threoraithe. Eascraíonn an leasú sin as an ngá atá le cineál prúnála agus múnlaithe níos oiriúnaí a úsáid i roinnt garrán.

Is chun na gcríoch seo a leanas a dhéantar prúnáil ar chrainn ar a bhfásann clochthorthaí:

— Méid agus cothromaíocht a rialáil, ag brath ar riachtanais na mbarr;

— An garrán a chur in oiriúint do chóras treoraithe an bhairr;

— Feabhas a chur ar shreabhadh aeir agus treá an tsolais timpeall na gcrann torthaí;

— Codanna fabhtacha, neamh-inmhianaithe nó galraithe a bhaint;

— Bláthú agus táirgeadh torthaí a spreagadh;

— Torthaí ardcháilíochta a tháirgeadh, an barr a mhéadú;

— Táirgeacht an gharráin a mhéadú.

Léirigh staidéir go n-athraíonn prúnáil gheimhridh na gcrann péitseoige toisí na gcrann agus go méadaíonn sí méid na nduilleog agus na dtorthaí. Is oibríocht ríthábhachtach í chun aeráil na ndáileachtaí talún a spreagadh, rud a chuidíonn le leathadh lotnaidí áirithe a íoslaghdú.

Úsáidtear trí chóras chun crainn ar a bhfásann clochthorthaí a mhúnlú, ag brath ar an gcruth agus ar na toisí a thugtar don struchtúr a thacaíonn le codanna táirgiúla an chrainn: cuachphrúnáil, trí thoise; feanphrúnáil nó feanphrúnáil, dhá thoise; agus ais lárnach, Y-chruthach, tollán etc., toise amháin

Leis an bprúnáil le haghaidh feanphrúnáil nó treilísiú, is féidir treá solais den scoth a bheith ann le haghaidh struchtúr iomlán na gcrann, rud a spreagann táirgeadh torthaí ardcháilíochta.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasuithe a bhaineann le pacáil, an rogha maidir le hiompar i gcliathbhoscaí a chur isteach.

Tuairisc

Baineadh teorainneacha ar thoilleadh de na boscaí a úsáidtear chun bailiú a dhéanamh agus iompar a dhéanamh chuig ionaid stórála, agus de na cineálacha pacáistíochta a úsáidtear de ghnáth: ciseáin atá déanta as easpartó nó as rubar bog etc.

I Roinn 6 (Buaint), leasaíodh na cineálacha pacáistíochta atá oiriúnach don bhuaint. In éineacht le ciseáin atá déanta as easpartó nó as rubar bog (sa tsonraíocht táirge roimhe seo), cuireadh cliathbhoscaí san áireamh chun na torthaí a bhailiú toisc gur léiríodh nach ndéanann sé sin difear dá gcáilíocht. Sa roinn chéanna, rinneadh na cineálacha pacáistíochta a úsáidtear chun na torthaí a iompar chuig an ionad próiseála agus pacáistithe a leasú ó bhoscaí 20 kg (sa tsonraíocht táirge roimhe seo) chun cliathbhoscaí agus modhanna pacáistithe a chur san áireamh atá chomh hoiriúnach céanna chun iompar a dhéanamh.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cineálacha nua pacáistíochta a chur isteach

Tuairisc

D'iarr an bord cineálacha nua pacáistíochta a bhfuil toilleadh níos lú iontu a chur san áireamh, ionas gur féidir pacáistíocht 250 gram a úsáid.

I Roinn 7 (Pacáistiú agus leasú), leasaíodh na formáidí pacáistíochta ó 1 kg (sa tsonraíocht táirge roimhe seo) go 250 g. Déantar an méid sin chun oiriúnú a dhéanamh do na foirmeacha nua ina gcuirtear an táirge ar an margadh, agus oiriúnú á dhéanamh don éileamh ón gcuid is mó de theaghlaigh na hEorpa agus na Spáinne. Tá na teaghlaigh sin níos lú agus éilíonn siad táirgí aonair, rud a chuidíonn le caomhnú agus a chuireann síneadh le seilfré earraí bia.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Melocotón de Cieza'

Uimhir thagartha AE: PGI-ES-02644-AM01 - 10.10.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Melocotón de Cieza'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Spáinn

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0809 30 80 – Eile

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Péitseoga de na cineálacha:

1. Baby Gold 6
2. Romea
3. Levante 45
4. Grocivag
5. Manolito

Cineál Baby Gold 6

Dath

Maidir le péitseoga den chineál Baby Gold 6 a fhástar i limistéar tionchair an TGFC, bíonn luach uillinne lí níos mó ag dath an chraicinn (79,23 ∓ 0,62) ná mar a bhíonn i limistéir inchomparáide (72,02 ∓ 3,71). Ar an gcaoi chéanna, bíonn luach sáithiúcháin níos mó ag dath an laín (46,10 ± 0,27) ná mar a bhíonn ag péitseoga as limistéir eile (42,34 ± 0,52). Leis na difríochtaí sin, táirgtear laíon a mbíonn dath níos buí air agus imir bhuí níos sáithithe air.

Teinne

Tráth na bainte, bíonn luachanna teinne (21,08* ∓0,68) ag an gcineál Baby Gold 6, atá thart ar 7 % níos mó ná na luachanna sa limistéar inchomparáide (19,72 ± 1,23). Leis sin, méadaítear an difríocht le limistéir inchomparáide go mór nuair a chuirtear na torthaí ar an margadh, le luachanna (19,01 ± 0,64), thart ar 16,34 % níos mó ná mar a bhíonn an luach sa limistéar inchomparáide (16,34 ± 0,89).

Méid: Íosmhéid: A (Trastomhas: 67 – < 73 mm) Méid uasta: AAAA (Trastomhas: > 90 mm)

An cineál Romea

Dath

Maidir le péitseoga den chineál Romea a fhástar i limistéar tionchair an TGFC, bíonn ardluachanna lí móra an chraicinn (78,21 ∓ 0,47) 10 % níos mó ná mar a bhíonn siad i limistéir eile (70,98 ∓ 0,26). Ar an gcaoi chéanna, bíonn an luach sáithiúcháin (56,13 ± 0,34) 26,6 % níos mó ná mar a bhíonn sé i limistéir inchomparáide eile (44,34 ± 1,02). Leis na luachanna sin, táirgtear eipideirm a mbíonn dath níos buí uirthi.

Teinne

Bíonn ardluachanna teinne ag an gcineál Romea nuair a chuirtear ar an margadh é, 14 lá tar éis a bhainte. Bíonn na luachanna teinne (16,55 ± 0,88) 30 % níos mó ná mar a bhíonn siad i limistéir inchomparáide eile (12,51 ± 0,69).

Fágann an teinne sin go mbíonn seilfré níos faide ag an bpéitseog as limistéar tionchair an TGFC ná mar a bhíonn ag péitseoga as an limistéar inchomparáide, mar gheall ar an aeráid agus ar shaintréithe fisiceacha agus ceimiceacha na hithreach sa limistéar. Tugtar tuairisc orthu sin sa roinn maidir leis an nasc geografach.

Méid: Íosmhéid: A (Trastomhas: 67 – < 73 mm) Méid uasta: AAAA (Trastomhas: > 90 mm)

An cineál Levante 45

Teinne

I dtéarmaí meánteinne fhoriomlán, tá luach 31 N (+/- 1,0) ag an gcineál sin.

Méid: Íosmhéid: A (Trastomhas: 67 – < 73 mm) Méid uasta: AAAA (Trastomhas: > 90 mm)

An cineál Grocivag

Teinne

I dtéarmaí meánteinne fhoriomlán, tá luach 37,7 N (+/- 0,8) ag an gcineál sin.

Méid: Íosmhéid: A (Trastomhas: 67 – < 73 mm) Méid uasta: AAAA (Trastomhas: > 90 mm)

An cineál Manolito

Teinne

I dtéarmaí meánteinne fhoriomlán, tá luach 39,5 N (+/- 1,1) ag an gcineál sin.

Méid: Íosmhéid: A (Trastomhas: 67 – < 73 mm) Méid uasta: AAAA (Trastomhas: > 90 mm)

Saintréithe orgánaileipteacha na gcineálacha:

1. Dianbhlas milis a leanann as cothromaíocht mhaith idir siúcraí agus aigéadacht fhoriomlán. Uigeacht theann agus shúmhar. Dea-bholadh deas, ar saintréith de péitseoga é.
2. Dath: dath craicinn a athraíonn ó dhath buí éadrom go dath oráiste, agus d'fhéadfadh luisneach oráiste éadrom nó scothdhearg a bheith air i gcás ina nochtar an craiceann don ghrian.
3. Teinne íoslach tráth na buainte: 20 N.
4. Cruth: cruinn. D'fhéadfadh bolg beag saintréitheach a bheith ag gob thoradh na gcineálacha Baby Gold 6, Gocivag agus Levante 45.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

-

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Tarlaíonn gach céim táirgthe sa limistéar geografach críochaithe.

1. Plandú
2. Uisciú
3. Leasú
4. Prúnáil
5. Tanúchán: tanúchán le linn chéimeanna an bhláthaithe agus an toraidh
6. Buaint

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

-

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Maidir le péitseoga a chumhdaítear leis an TGFC, ní mór lipéad aitheantais uimhrithe a bheith le feiceáil orthu agus mór lógó an TGFC a bheith áirithe ar an lipéad sin. Tá an fhoclaíocht shonrach 'Melocotón de Cieza' éigeantach. Ní mór an comhlacht rialúcháin údaraithe atá ag gníomhú mar chomhlacht rialúcháin le haghaidh an táirge a shainaithint ar an lipéad. Eisíonn nó sannann an comhlacht rialúcháin na lipéid ina sraitheanna a bhfuil uimhreacha comhfhreagracha acu, agus seiceálann sé i gcónaí iad. Ní mór na lipéid a ghreamú ag an suíomh pacáistithe ar bhealach a chuireann cosc ar a n-úsáid.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Leagtar síos teorainn chríochaithe TGFC 'Melocotón de Cieza' mar a leanas, lena n-áirítear cuid de bhardais Cieza, Calasparra, Jumilla agus Abarán:

— San iarthar: ar theorainn shuíomhanna Las Cañadas agus Agua Amarga i mbardas Cieza;

— Sa deisceart: ar theorainn shuíomhanna Rotas agus El Macabeo i mbardas Calasparra;

— San oirthear: ar theorainn shuíomh Corona i mbardas Abarán agus an stáisiún traenach in Blanca;

— Sa tuaisceart: ar theorainn bhardas Jumilla ag suíomh El Boquerón.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an méid seo a leanas:

☑ Cáil

☑ Cáilíocht áirithe

☐ Saintréithe eile.

Achoimre ar an nasc

Tá an t-iarratas maidir an TGFC 'Melocotón de Cieza' a chlárú bunaithe ar shaintréithe agus ar cháilíocht an táirge.

Deimhnítear le staidéar eolaíoch saintréithe speisialta na bpéitseog a fhástar i limistéar tionchair an TGFC 'Melocotón de Cieza', agus dá bhrí sin, an nasc idir saintréithe agus cáilíocht an táirge agus a thionscnamh. Is iad Grúpa Iarbhuainte agus Cuisniúcháin na Ranna Teicneolaíochta agus Trealamh Talmhaíochta na Scoile Forásaí Teicniúla um Agranamaíocht Ollscoil Pholaiteicnic Cartagena a rinne an staidéar. Is é an teideal a bhí air: *Estudio comparativo postcosecha de las variedades Romea y Baby Gold 6 para la obtención de la indicación geográfica protegida del Melocotón de Cieza* [Staidéar comparáideach ar na cineálacha Romea agus Baby Gold 6 chun críoch Tásc Geografach Faoi Chosaint 'Melocotón de Cieza' a bhaint amach]. Cartagena, mí Iúil 2018. (https://melocotondecieza.com/estudio-upct/)

Socraíodh an teorainn sin de réir critéir a bhaineann le hithir, le haeráid agus leis na limistéir dá bhfuil na cineálacha a chumhdaítear leis an TGFC sin oiriúnaithe níos fearr. Tá luach breise 'Melocotón de Cieza' bunaithe ar a shaintréithe sonracha a bhíonn mar thoradh den chuid is mó ar na tosca aeráide, ithreach agus daonna a bhaineann go sonrach leis an limistéar a chumhdaítear leis an TGFC.

Tosca nádúrtha

Is toisc í an aeráid sa limistéar geografach sainithe táirgthe a fhágann gur táirge sainiúil é 'Melocotón de Cieza'. Sa gheimhreadh, bíonn teochtaí fuara na hoíche idir -2 C agus 5 C, agus tarlaíonn na teochtaí is teo i mí na Bealtaine (33 C), mí an Mheithimh (37 C) agus mí Iúil (41 C). Leis na teochtaí an-difriúil sin, tugtar méid agus dath suaithinseach agus saintréitheach do na cineálacha péitseoige sin.

Cáilíochtaí sonracha 'Melocotón de Cieza' [...] ina bhfuil aeráid fhoircneach Mheánmhuirí, ar saintréithe di triomach dian samhraidh agus meánbháisteach bhliantúil 300 mm ar éigean. Báisteach chónochta a bhíonn ann, agus is í mí Dheireadh Fómhair an mhí ina dtiteann an líon is mó báistí. Thairis sin, mar gheall ar an ngaireacht choibhneasta don Mheánmhuir agus suíomh íseal na dtailte, is é an meánlíon bliantúil báistí an meánlíon is airde i réigiún Murcia. Tá an aeráid is tirime ag na tailte sin in Abhantrach Segura. Is de bharr na dtosca sin uile le chéile a aithnítear le saintréithe sonracha chineálacha na péitseoige sin an difríocht idir iad agus na péitseoga uile eile de na cineálacha céanna a tháirgtear i limistéir eile. Chomh maith leis sin, tá saintréithe speisialta Abhainn Segura, a sholáthraíonn uisce do mhachairí Cieza, ríthábhachtach chun na saintréithe suaithinseacha sin a tháirgeadh. I dtéarmaí saintréithe orgánaileipteacha an dá chineál go sonrach, bíonn milseacht agus teinne níos mó ag a dtiúchan i solaid intuaslagtha.

De réir na tuarascála a d'eisigh Údarás Abhantrach Abhann Segura (Confederación Hidrográfica del Segura) (N/REF: IAMB-0015/2021) maidir le cáilíocht an uisce sa chuid d'Abhainn Segura agus í ag dul trí bhardas Cieza: Agus í ag dul trí bhardas Cieza, aicmítear Abhainn Segura mar réimse uisce 'ESES0701010111 Río Segura' ó phointe cumair le hAbhainn Quipar go dtí damba Azud de Ojós. Sa phlean deiridh measúnúcháin agus bainistíochta uisce le haghaidh Abhainn Segura (Plan Hidrológico del Segura, PHDS), marcáiltear stádas foriomlán an dhobharlaigh sin mar 'maith'. Rangaítear an stádas éiceolaíochta i gcúig chatagóir, ón gcatagóir is fearr go dtí an catagóir is measa: an-mhaith, maith, measartha, dona agus an-dona. Tá an stádas 'maith', sa chás seo. Tá dhá chatagóir ann maidir le stádas ceimiceach: 'maith' agus 'níor baineadh maith amach'. Sa chás seo, tá an stádas 'maith'.

Ithir

Is mar gheall ar thacar tosca comhchoiteanna san ithir sa limistéar táirgeachta sin atá na cúinsí is fearr le haghaidh na gclochthorthaí sin a shaothrú. Is iad na príomh-shaintréithe a dhéanann an ithir uathúil in éineacht leis an aeráid: an uigeacht dhúrabháin chréúil, leibhéil cré os cionn 30 %, pH > 8,3, aol gníomhach > 20 %, agus leibhéil ábhair orgánaigh idir 1 % agus 2 %. Socraíonn na saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha sin, chomh maith le roinnt eile, cáilíocht, teinne, seilfré agus blas, go hachomair, saintréithe follasacha péitseoige a bhfuil DNA geografach aici.

Níl mar gheall ar aon cháilíocht aonair fhisiceach, cheimiceach nó atá bainteach le hithir a shocraítear saintréithe intreacha 'Melocotón de Cieza'. Is de thoradh cumaisc chomhchuí d'iliomad tosca na torthaí sin. Tá tábhacht shonrach ar leith leis na tosca sin a bhaineann leis an ithir.

Tosca táirgeachta

Is saintréith de limistéar Cieza, lena ndealaítear ó limistéir eile é, gur modh ceardaí amach agus amach é an modh tanúcháin le haghaidh blátha agus torthaí araon, bláth ar bhláth. Tá sé sin difriúil le limistéir eile na Spáinne ina n-úsáideann oibrithe talmhaíochta meaisíní tanúcháin chun an bláth breise a bhaint de gach craobh.

Tagann roghnú blátha níos fearr as úsáid an mhodha thraidisiúnta, rud a fhágann go mbaineann cáilíocht níos fearr leis na torthaí.

Tosca stairiúla agus cáil shóisialta

Maidir leis na gnéithe stairiúla, tá fianaise ann go raibh péitseoga in Cieza sa tríú céad AD i scailpeanna La Serreta agus, ag céim níos déanaí, i roinnt toibreacha tirime tithe in Siyâsa, an lonnaíocht dhaingnithe Andalúiseach suite ar fhánaí Monte del Castillo, a tréigeadh le linn an tríú céad déag. Aimsíodh iarsmaí de shíolta péitseoige, a thugann fianaise dúinn maidir le cleachtais talmhaíochta i ngoirt phéitseoige Cieza an tráth sin.

I bhfianaise stair áitritheoirí Cieza sa chianaois, bhí gach cultúr nasctha ar bhealach éigin leis an talmhaíocht, agus bhí príomhról ag péitseoga.

Sa lá atá inniu ann, tá forbairt thionsclaíoch an limistéir nasctha leis an táirgeacht mhór phéitseoige. Bhí an earnáil channadóireachta ar cheann de na cúiseanna ba mhó le méadú agus leathadh saothraithe péitseoige ar fud limistéar Cieza.

In Cieza, tá 8 448 heicteár de thalamh á shaothrú atá faoi réir uiscithe. Astu sin, tá 5 861 heicteár, thart ar 70 %, tiomnaithe do chrainn phéitseoige (sonraí 2016 ó Lárionad Réigiúnach Staidrimh Murcia (CREM)). De réir na bhfigiúirí sin is é Cieza an bardas is mó in a dtáirgtear péitseoga san Eoraip, os cionn 180 milliún cileagram gach bliain.

Tá dlúthcheangal idir an táirge 'Melocotón de Cieza' agus comhshaol sóisialta an bhardais toisc go saothraíonn os cionn 10 000 duine a mbeatha go bunúsach as gníomhaíochtaí a bhaineann leis an toradh sin. Dá bhrí sin is é atá i dtionchar áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta gach a bhaineann le 'Melocotón de Cieza' léiriú ar cháil an táirge atá fréamhaithe sa chultúr áitiúil. Is léir sin ó ócáidí ceiliúrtha éagsúla atá bainteach le 'Melocotón de Cieza', cuir i gcás an Chomhdháil 'Melocotón de Cieza' agus, tráth níos faide siar sna 1980í, an fhéile phéitseoige 'Fiesta del Melocotón'. Tá imeachtaí eile, cuir i gcás an chomhdháil náisiúnta torthaí cloiche, san áireamh. Anuas air sin, is gníomhaíocht turasóirí í 'Floración de Cieza' a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthi a bhaineann go díreach le 'Melocotón de Cieza'. Bronntar gradam péitseoige órga 'Melocotón de Oro' ar dhaoine aonair nó ar institiúidí gach bliain as an obair shármhaith a dhéanann siad chun forbairt talmhaíochta in Cieza a chur chun cinn. Aithnítear leis an ngradam tábhacht na bpéitseog maidir leis an ngeilleagar a chur chun cinn.

Tá comharthaí eile ann maidir le cáil an táirge atá fréamhaithe sa chultúr agus an seasamh áitiúil, réigiúnach, agus idirnáisiúnta fiú, atá aige. Tá samplaí suntasacha d'úsáid 'Melocotón de Cieza' sa ghastranamaíocht lena n-áirítear Manjar de Cieza (milseog Cieza) agus an speisialtacht Nollag Murciatone, mar aon le hoidis eile amhail *granita* péitseoige agus Trenza de 'Melocotón de Cieza' [císte 'Melocotón de Cieza'], chomh maith le milseogra amhail cáca 'Melocotón de Cieza'.

Tá cluichí traidisiúnta ann freisin lena n-áirítear 'Melocotón Respondón' ['An Phéitseog Phlucach'] agus tagairtí liteartha amhail an leabhar a foilsíodh in 2017 dar teideal *El melocotón en la historia de Cieza* [An phéitseog i stair Cieza]. Is bailiúchán staidéar é an leabhar ar bhunús na talmhaíochta, limistéir uiscithe, saothrú crann clochthorthaí agus na cineálacha is mó a úsáidtear atá á gcur sa limistéar ón gcianaois.

Thairis sin, bíonn 'Melocotón de Cieza' le feiceáil ag na haontaí talmhaíochta domhanda is tábhachtaí amhail Fruit Attraction agus Fruit Logistica i mBeirlín. Bhronn an nuachtán *La Verdad* duais an táirge air in 2021.

Bibleagrafaíocht

El melocotón en la historia de Cieza. Arna fhoilsiú ag Asociación Cultural La Floración de Cieza. Rianaíonn an leabhar sin an ghaolmhaireacht idir muintir Cieza agus an phéitseog ó thús an tsaoil. Is léargas ar a thábhachtaí atá 'Melocotón de Cieza' i bhfianaise gur foilsíodh leabhar air go sonrach.

Is bailiúchán staidéar é an saothar ar bhunúis talmhaíochta, ar limistéir uiscithe, ar shaothrú crann torthaí cloiche agus ar na cineálacha is mó a úsáidtear atá á gcur sa limistéar ón gcianaois.

Anuas air sin, cumhdaíonn sé na gníomhaíochtaí agus tionscail a forbraíodh mar gheall ar an bhfás péitseoige agus a raibh tionchar mór socheacnamaíoch acu ar Cieza. Áirítear orthu sin tionscal na suibhe, onnmhairiú, litríocht, péintéireacht agus cócaireacht.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://cutt.ly/AT5SvJA